AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 23 Nollaig 2020
(OR. en)

2020/0363 (COD)
LEX 2049

PE-CONS 66/1/20
REV 1

UK 124
PREP-BXT 62
AVIATION 241
CODEC 1329

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE RIALACHA COMHCHOITEANNA LENA nÁIRITHÍTEAR AERNASCACHT BHUNÚSACH TAR ÉIS DHEIREADH NA hIDIRTHRÉIMHSE DÁ bhFORÁILTEAR SA CHOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

**RIALACHÁN (AE) 2020/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 23 Nollaig 2020**

**maidir le rialacha comhchoiteanna lena n-áirithítear aernascacht bhunúsach tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa 18 Nollaig 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 22 Nollaig 2020

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[1] ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') i gcrích le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. An 31 Nollaig 2020, tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar ('an idirthréimhse'), ar lena linn a leanfaidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Ríocht Aontaithe) agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. An 25 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE, Euratom) 2020/266[3] lenar údaraíodh tús a chur le caibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta. Mar atá intuigthe leis na treoracha caibidlíochta, cumhdaítear leis an údarú, *inter alia*, na heilimintí atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar an gcaidreamh eitlíochta leis an Ríocht Aontaithe tar éis na hidirthréimhse. Mar sin féin, is éiginnte an mbeidh comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe lena rialófaí an caidreamh a bheidh acu sa todhchaí sa réimse seo tagtha i bhfeidhm faoi dheireadh na tréimhse sin.

---

1 IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

2 Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

3 Cinneadh (AE, Euratom) 2020/266 ón gComhairle an 25 Feabhra 2020 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta (IO L 58, 27.2.2020, lch. 53).

(2) Leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] na coinníollacha maidir le ceadúnas oibríochta an Aontais a dheonú d'aeriompróirí agus bunaítear leis an tsaoirse chun aersheirbhísí a sholáthar laistigh den Aontas Eorpach.

(3) Ag deireadh na hidirthréimhse agus in éagmais aon fhorálacha speisialta, tiocfaidh deireadh leis na cearta agus na hoibleagáidí uile a thagann as dlí an Aontais maidir le rochtain ar an margadh, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit.

(4) Dá bharr sin, is gá sraith beart sealadach a bhunú lena dtabharfar an deis d'iompróirí atá ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe seirbhísí aeriompair a chur ar fáil idir críoch na Ríochta Aontaithe agus críoch na mBallstát. Chun cothromaíocht iomchuí a áirithiú idir an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit, níor cheart na cearta a thabharfar ar an gcaoi sin a thabhairt ach amháin ar choinníoll go dtabharfaidh an Ríocht Aontaithe cearta coibhéiseacha d'aeriompróirí atá ceadúnaithe san Aontas agus go mbeidh siad faoi réir coinníollacha áirithe lena n-áiritheofar an iomaíocht chóir.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3).

(5) Leis an ngéarchéim a eascraíonn as paindéim COVID-19, tá dúshláin shuntasacha lóistíochtúla ann do na Ballstáit, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an acmhainneacht toirteanna suntasacha cógas leighis, vacsaíní agus trealaimh liachta a iompar go dtí tríú tíortha agus ó thríú tíortha ar ghearrfógra agus faoi choinníollacha stórála agus lóistíochtúla atá an-deacair. Is gá a áirithiú go gcuirfear ar fáil acmhainneacht aeriompair leordhóthanach agus go soláthrófar solúbthacht eisceachtúil do na Ballstáit chun na críche sin, lena n-áirítear an fhéidearthacht a bheith ag brath ar aerárthaí tríú tír. Eilimintí breise de chearta iompair cúigiú saoirse uile-lastais atá teoranta go docht d'oibríocht den sórt sin a dhéanamh ar bhonn ad hoc, ba cheart, dá bhrí sin, iad a dheonú ionas gur féidir úsáid a bhaint as aeriompróirí na Ríochta Aontaithe in imthosca eisceachtúla den sórt sin.

(6) Ós rud é gur Rialachán sealadach atá sa Rialachán seo, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo go dtí an 30 Meitheamh 2021, nó go dtí go dtiocfaidh comhaontú amach anseo lena gcumhdófar soláthar aersheirbhísí leis an Ríocht Aontaithe a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, arna chaibidil ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i bhfeidhm nó, i gcás ina sonraítear amhlaidh, go dtí go gcuirfear comhaontú den sórt sin i bhfeidhm go sealadach nó, cibé acu is túisce.

(7) Chun leibhéil nascachta atá chun tairbhe an dá thaobh a choinneáil ar bun, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le socruithe margaíochta comhoibritheacha áirithe i ndáil le haeriompróirí na Ríochta Aontaithe agus aeriompróirí an Aontais araon, i gcomhréir le prionsabal na cómhalartachta.

(8) I bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla agus uathúla a thugann gur gá an Rialachán seo a ghlacadh agus i gcomhréir leis na Conarthaí, is iomchuí don Aontas an inniúlacht roinnte ábhartha atá tugtha dó sna Conarthaí a fheidhmiú go sealadach. Ba cheart aon éifeacht de chuid an Rialacháin seo, áfach, ar roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit a bheith teoranta go docht ó thaobh ama de. Níor cheart an inniúlacht a fheidhmíonn an tAontas a fheidhmiú dá bhrí sin ach amháin i leith thréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dá réir sin, scoirfidh an inniúlacht roinnte a fheidhmítear ar an gcaoi sin de bheith á feidhmiú ag an Aontas a luaithe a scoirfidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige. I gcomhréir le hAirteagal 2(2) CFAE, beidh na Ballstáit, dá bhrí sin, amhail ag an nóiméad sin, sa staid chéanna maidir lena n-inniúlacht a fheidhmiú agus a bheidís dá mba rud é nár glacadh an Rialachán. Thairis sin, meabhraítear, mar a leagtar amach i bPrótacal Uimh. 25 maidir le hinniúlachtaí roinnte a fheidhmiú atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le CFAE, nach gcumhdaítear le raon feidhme fheidhmiú inniúlacht an Aontais sa Rialachán seo ach amháin na heilimintí a rialaítear leis an Rialachán seo agus nach gcumhdaítear an réimse go léir leis. Tá inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach i leith comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích i réimse an aeriompair le cinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus dlí ábhartha an Aontais á chur i gcuntas, lena n-áirítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/266 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe.

(9) Leis an Rialachán seo, níor cheart cosc a chur ar na Ballstáit údaruithe a eisiúint chun aersheirbhísí sceidealaithe a bheith á n-oibriú ag aeriompróirí an Aontais i bhfeidhmiú na gceart a thugann an Ríocht Aontaithe dóibh a fheidhmiú, ar an gcaoi chéanna le cásanna a tharlaíonn i gcomhthéacs comhaontuithe idirnáisiúnta. Níor cheart do na Ballstáit idirdhealú a dhéanamh idir aeriompróirí an Aontais i leith na n-údaruithe sin.

(10) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le bearta a ghlacadh chun cómhalartacht chóir a áirithiú idir na cearta a dheonóidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe go haontaobhach ar aeriompróirí a chéile, agus lena áirithiú gur féidir le haeriompróirí an Aontais dul in iomaíocht le haeriompróirí na Ríochta Aontaithe faoi réir coinníollacha cothroma i dtaca le haersheirbhísí a sholáthar. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. I bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar aernascacht na mBallstát, ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na bearta sin a ghlacadh. Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh cásanna den sórt sin a bhfuil údar cuí leo le cásanna ina mainníonn an Ríocht Aontaithe cearta coibhéiseacha a thabhairt d'aeriompróirí an Aontais agus, ar an gcaoi sin, go mbeidh sé ina chúis le míchothromaíocht fhollasach, nó i gcás ina bhfuil coinníollacha iomaíochta is lú fabhar ná na coinníollacha atá ag aeriompróirí na Ríochta Aontaithe i soláthar seirbhísí aeriompair a chumhdaítear leis an Rialachán seo ina mbagairt ar inmharthanacht eacnamaíoch aeriompróirí an Aontais.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(11) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon bearta sealadacha a leagan síos chun an t-aeriompar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a rialú i gcás nach ann do chomhaontú lena rialófar a gcaidreamh sa todhchaí i réimse na heitlíochta ag deireadh na hidirthréimhse, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(12) I bhfianaise na práinne atá i gceist le deireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear thuas, measadh gurbh iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal le CAE, le CFAE agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

(13) Maidir le raon feidhme críochach an Rialacháin seo agus aon tagairt don Ríocht Aontaithe ann, ní áirítear Giobráltar ann.

(14) Ní dochar an Rialachán seo do sheasamh dlíthiúil Ríocht na Spáinne maidir le ceannasacht ar an gcríoch ina bhfuil aerfort Ghiobráltar suite.

(15) Ba cheart forálacha an Rialacháin seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm a bheith acu, i bprionsabal, ón lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse mura mbeidh comhaontú lena rialaítear an caidreamh sa todhchaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i réimse na heitlíochta tagtha i bhfeidhm nó mura mbeidh feidhm shealadach aige, de réir mar a bheidh, faoin dáta sin. Mar sin féin, chun gur féidir na nósanna imeachta riaracháin riachtanacha a dhéanamh a luaithe is féidir, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha áirithe amhail ón dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Raon Feidhme*

Leagtar síos leis an Rialachán seo bearta sealadacha lena rialaítear an t-aeriompar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis dul in éag na hidirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

*Airteagal 2*

*Feidhmiú inniúlachta*

1. Beidh feidhmiú inniúlacht an Aontais de bhun an Rialacháin seo teoranta do thréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo mar a shainítear in Airteagal 15(4). Tar éis dheireadh na tréimhse sin, scoirfidh an tAontas den inniúlacht sin a fheidhmiú láithreach de bhun an Rialacháin seo agus beidh na Ballstáit sa staid chéanna maidir lena a n-inniúlacht a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 2(2) CFAE agus a bheidís dá mba rud é nár glacadh an Rialachán.

2. Ní dochar feidhmiú inniúlacht an Aontais de bhun an Rialacháin seo d'inniúlacht na mBallstát maidir le cearta tráchta in aon chaibidlíocht, síniú nó tabhairt i gcrích atá ar siúl faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le haersheirbhísí le haon tríú tír eile, agus leis an Ríocht Aontaithe i leith na tréimhse ar dá éis a scoirfidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige.

3. Ní chumhdaítear le feidhmiú inniúlacht an Aontais dá dtagraítear i mír 1 ach na heilimintí a rialaítear leis an Rialachán seo.

4. Ní dochar an Rialachán seo d'inniúlachtaí na mBallstát agus an Aontais faoi seach i réimse an aeriompair maidir leis na heilimintí seachas na heilimintí sin a rialaítear leis an Rialachán seo. Ní dochar é freisin do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/266 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta.

*Airteagal 3*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'aeriompar' paisinéirí, bagáiste, lasta, agus post a iompar in aerárthaí, ar leithligh nó i gcomhcheangal, a chuirtear ar fáil don phobal ar luach saothair nó ar fruiliú, lena n-áirítear aersheirbhísí sceidealta agus neamhsceidealta;

(2) ciallaíonn 'aeriompar idirnáisiúnta' aeriompar a ghabhann tríd an aerspás thar chríoch níos mó ná Stát amháin;

(3) ciallaíonn 'aeriompróir de chuid an Aontais' aeriompróir a bhfuil ceadúnas bailí oibríochta aige a dheonaigh údarás ceadúnaithe inniúil i gcomhréir le Caibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008;

(4) ciallaíonn 'aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe' aeriompróir:

(a) a bhfuil a phríomhionad gnó sa Ríocht Aontaithe; agus

(b) a chomhlíonann ceann amháin den dá choinníoll seo a leanas:

(i) gur leis an Ríocht Aontaithe agus/nó le náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe níos mó ná 50 % den ghnóthas agus gurb iad a rialaíonn é go héifeachtach, go díreach nó go hindíreach trí ghnóthas idirmheánach amháin nó níos mó; nó

(ii) gur le Ballstáit an Aontais agus/nó le náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais agus/nó le Ballstáit eile den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus/nó le náisiúnaigh na Stát sin, in aon chomhcheangal díobh sin, bídís ina n-aonar nó leis an Ríocht Aontaithe agus/nó le náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe, níos mó ná 50 % den ghnóthas agus gurb iad a rialaíonn é go héifeachtach, go díreach nó go hindíreach trí ghnóthas idirmheánach amháin nó níos mó;

(c) sa chás dá dtagraítear i bpointe (b)(ii), a raibh ceadúnas oibríochta bailí aige i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ar an lá roimh an gcéad lá de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 15(2);

(5) ciallaíonn 'rialú éifeachtach' caidreamh arb éard atá ann cearta, conarthaí nó aon mhodh eile a thugann an deis, ar leithligh nó go comhpháirteach agus ag féachaint do bhreithnithe an fhíorais nó an dlí lena mbaineann, tionchar cinntitheach a fheidhmiú go díreach nó go hindíreach ar ghnóthas, ar an gcaoi seo a leanas go háirithe:

(a) tríd an gceart sócmhainní uile an ghnóthais, nó cuid díobh, a úsáid;

(b) trí chearta nó trí chonarthaí a mbíonn tionchar cinntitheach acu ar chomhdhéanamh, ar vótáil nó ar chinntí comhlachtaí gnóthais nó a mbíonn tionchar cinntitheach acu ar shlí eile ar reáchtáil ghnó an ghnóthais;

(6) ciallaíonn 'dlí na hiomaíochta' an dlí lena dtugtar aghaidh ar an iompraíocht seo a leanas, i gcás ina bhfeadfaidh sé difear a dhéanamh do sheirbhísí aeriompair:

(a) iompraíocht arb é atá inti:

(i) comhaontuithe idir aeriompróirí, cinntí a dhéanann comhlachtaí aeriompróirí agus cleachtais chomhbheartaithe a bhfuil sé mar aidhm agus mar éifeacht acu an t-iomaíochas a chosc, a shrianadh, nó a shaobhadh;

(ii) mí-úsáidí ceannasachta ag aeriompróir amháin nó níos mó;

(iii) bearta a dhéanann nó a choinníonn an Ríocht Aontaithe i bhfeidhm i gcás gnóthais phoiblí agus gnóthais dá ndeonaíonn an Ríocht Aontaithe cearta speisialta nó eisiacha agus atá contrártha do phointe (i) nó (ii);

(b) comhchruinnithe idir aeriompróirí a chuireann bac suntasach ar an iomaíocht éifeachtach, go háirithe de thoradh ceannasacht a chruthú nó a neartú;

(7) ciallaíonn 'fóirdheontas' aon ranníocaíocht airgeadais a thugann an rialtas nó aon chomhlacht poiblí eile ar aon leibhéal d'aeriompróir, lena dtugtar sochar, agus lena n-áirítear:

(a) aistriú díreach cistí, amhail deontais, iasachtaí nó insileadh cothromais, aistriú díreach féideartha cistí, nó glacadh dliteanas, amhail ráthaíochtaí iasachta, instealltaí caipitil, úinéireacht, cosaint i gcoinne féimheachta nó árachas;

(b) ioncam a ligean ar ceal nó gan é a bhailiú, ar ioncam é a bheadh dlite murach sin;

(c) earraí nó seirbhísí nach bonneagar ginearálta iad a sholáthar, nó earraí nó seirbhísí a cheannach;

(d) íocaíochtaí a dhéanamh le sásra maoiniúcháin nó iad a chur ar iontaoibh comhlachta príobháidigh, nó a threorú chuig comhlacht príobháideach, chun ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna a luaitear i bpointí (a), (b) agus (c) a dhéanamh, ar feidhmeanna iad a dhílseofaí don rialtas nó do chomhlacht poiblí eile de ghnáth agus is beag an difear atá idir an cleachtas agus na cleachtais a dhéanann rialtais de ghnáth;

Ní mheastar go dtugtar aon sochar le rannaíocht airgeadais a dhéanann rialtas nó comhlacht poiblí eile más rud é go ndéanfadh oibreoir sa mhargadh príobháideach agus é dírithe ar fhéidearthachtaí brabúis amháin an ranníocaíocht airgeadais chéanna agus a bheadh déanta sa chás céanna ag an gcomhlacht poiblí i gceist;

(8) ciallaíonn 'údarás neamhspleách iomaíochta' údarás atá i gceannas ar dhlí na hiomaíochta a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, agus ar na fóirdheontais a rialú, arb údarás é a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an t-údarás neamhspleách ó thaobh oibríochta de agus tá na hacmhainní is gá aige chun a chuid cúraimí a dhéanamh;

(b) agus a dhualgais á ndéanamh agus a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige, tá ag an údarás an ráthaíocht is gá maidir le neamhspleáchas ar aon tionchar polaitiúil nó ar aon tionchar seachtrach eile, agus gníomhaíonn sé go neamhchlaonta; agus

(c) tá cinntí an údaráis faoi réir athbhreithniú breithiúnach;

(9) ciallaíonn 'idirdhealú' aon chineál difreála a dhéantar gan údar oibiachtúil i ndáil le hearraí agus seirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí poiblí, ar earraí agus seirbhísí iad a úsáidtear chun seirbhísí aeriompair a oibriú, nó i ndáil leis an tslí a gcaitheann na húdaráis phoiblí is ábhartha maidir leis na seirbhísí sin leo;

(10) ciallaíonn 'seirbhís aeriompair sceidealta' sraith eitiltí a mbaineann na saintréithe seo a leanas leo:

(a) ar gach eitilt bíonn suíocháin agus/nó toilleadh chun lasta agus/nó post a iompar ar fáil ar féidir leis an bpobal iad a cheannach astu féin (go díreach ón aeriompróir nó óna ghníomhairí údaraithe);

(b) oibrítear í chun freastal ar thrácht idir an dá aerfort chéanna nó níos mó ná an dá aerfort céanna, cibé:

(i) de réir tráthchlár foilsithe; nó

(ii) le heitiltí a bhíonn ann chomh rialta nó chomh minic sin gur léir gur sraith chórasach iad;

(11) ciallaíonn 'seirbhís aeriompair neamhsceidealaithe' seirbhís aeriompair tráchtála a fheidhmítear seachas mar aersheirbhís sceidealaithe;

(12) ciallaíonn 'críoch an Aontais' críoch talún, uiscí inmheánacha agus uiscí teorann na mBallstát a bhfuil feidhm ag CAE agus CFAE maidir leo agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin, agus an t-aerspás os a gcionn;

(13) ciallaíonn 'críoch na Ríochta Aontaithe' críoch talún, uiscí inmheánacha agus uiscí teorann na Ríochta Aontaithe agus an t-aerspás os a gcionn;

(14) ciallaíonn 'Coinbhinsiún Chicago' an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944.

*Airteagal 4*

*Cearta tráchta*

1. Féadfaidh iompróirí na Ríochta Aontaithe, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo, an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) eitilt thar chríoch an Aontais gan tuirlingt;

   (b) stadanna a dhéanamh i gcríoch an Aontais chun críoch nach mbaineann le trácht, de réir bhrí Choinbhinsiún Chicago;

   (c) seirbhísí aeriompair idirnáisiúnta sceidealaithe agus neamhsceidealaithe a fheidhmiú do phaisinéirí, do chumasc de phaisinéirí agus de lasta agus seirbhísí uile-lasta idir aon dá phointe a bhfuil ceann amháin suite i gcríoch na Ríochta Aontaithe agus an ceann eile suite i gcríoch an Aontais.

2. Ní dhéanfaidh na Ballstáit caibidlíocht ná ní thabharfaidh siad aon chomhaontú ná socrú déthaobhach i gcrích leis an Ríocht Aontaithe maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo i dtaca leis an tréimhse a mbeidh feidhm ag an Rialachán seo lena linn. Maidir leis an tréimhse sin, ní dheonóidh siad ar aon slí eile d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe, i dtaca le haeriompar, aon cheart seachas na cearta sin a dheonaítear leis an Rialachán seo.

3. D'ainneoin mhír 2, féadfaidh na Ballstáit a údarú, ar bhonn ad hoc agus i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, go soláthróidh aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe an méid seo a leanas ina gcríoch:

(a) seirbhísí aerárthaigh othar;

(b) seirbhísí aeriompair neamhsceidealaithe uile-lastais idir pointí ina gcríoch agus pointí i dtríú tír mar chuid de sheirbhís a bhfuil tionscnamh nó ceann scríbe aici sa Ríocht Aontaithe sa mhéid is gá chun trealamh liachta, vacsaíní agus cógas leighis a iompar ar choinníoll nach ionann iad agus cineál aersheirbhísí sceidealaithe faoi cheilt.

*Airteagal 5*

*Socruithe margaíochta comhoibritheacha*

1. Féadfar seirbhísí aeriompair i gcomhréir le hAirteagal 4 a sholáthar trí bhíthin socruithe maidir le suíocháin in áirithe nó socruithe códroinnte, mar a leanas:

(a) féadfaidh aeriompróir na Ríochta Aontaithe gníomhú mar an t-iompróir margaíochta, le haon iompróir oibriúcháin arb aeriompróir de chuid an Aontais nó aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe é, nó le haon iompróir oibriúcháin de chuid tríú tír ag a bhfuil na cearta tráchta is gá faoi dhlí an Aontais nó, de réir mar is infheidhme, faoi dhlí an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, mar aon leis an gceart dá iompróirí na cearta sin a fheidhmiú trí bhíthin an tsocraithe i dtrácht;

(b) féadfaidh aeriompróir na Ríochta Aontaithe gníomhú mar an t-iompróir oibriúcháin, le haon iompróir margaíochta arb aeriompróir de chuid an Aontais nó aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe é, nó le haon iompróir margaíochta de chuid tríú tír ag a bhfuil na cearta is gá maidir le bealach, faoi dhlí an Aontais nó, de réir mar is infheidhme, faoi dhlí an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, mar aon leis an gceart dá iompróirí na cearta sin a fheidhmiú trí bhíthin an tsocraithe i dtrácht.

2. Ní dhéanfar in aon chás na cearta arna ndeonú d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe faoi mhír 1 a fhorléiriú mar chearta a thugann d'aeriompróirí tríú tír aon cheart seachas na cearta sin atá acu faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

3. Má bhaintear leas as socruithe maidir le suíocháin in áirithe nó socruithe códroinnte, cibé acu mar iompróir oibriúcháin nó mar iompróir margaíochta, ní bheidh mar thoradh air sin go mbeidh aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe ag feidhmiú ceart seachas na cearta sin dá bhforáiltear in Airteagal 4(1).

Mar sin féin, ní chuirfear an chéad fhomhír den mhír seo i bhfeidhm ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh cosc ar iompróirí na Ríochta Aontaithe seirbhísí aeriompair a sholáthar idir aon dá phointe a bhfuil ceann acu suite i gcríoch an Aontais agus an ceann eile suite i dtríú tír, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá iompróir na Ríochta Aontaithe ag gníomhú mar iompróir margaíochta faoi shocrú maidir le suíocháin in áirithe nó socrú códroinnte le hiompróir oibriúcháin a thairbhíonn, faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, de na cearta tráchta is gá agus den cheart chun na cearta sin a fheidhmiú trí bhíthin an tsocraithe atá i dtrácht;

(b) is cuid d'iompar an iompróra sin de chuid na Ríochta Aontaithe an tseirbhís aeriompair atá i dtrácht idir pointe i gcríoch na Ríochta Aontaithe agus an pointe ábhartha i gcríoch an tríú tír lena mbaineann.

4. Ceanglóidh na Ballstáit lena mbaineann go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla na socruithe dá dtagraítear san Airteagal seo a fhormheas chun a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus na ceanglais is infheidhme i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta, go háirithe maidir leis an tsábháilteacht agus an tslándáil.

*Airteagal 6*

*Léasú aerárthaí*

1. Le linn dó na cearta dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) a fheidhmiú, féadfaidh aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe seirbhísí aeriompair a sholáthar lena aerárthaí féin agus i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

   (a) trí úsáid a bhaint as aerárthaí arna léasú gan chriú ó aon léasóir;

   (b) trí úsáid a bhaint as aerárthaí arna léasú le criú ó aon aeriompróir eile de chuid na Ríochta Aontaithe;

   (c) trí úsáid a bhaint as aerárthaí arna léasú le criú ó aeriompróirí d'aon tír seachas an Ríocht Aontaithe, ar choinníoll go bhfuil údar cuí leis an léasú ar bhonn riachtanais eisceachtúla, riachtanais toillte shéasúracha nó deacrachtaí oibríochtúla atá ag an léasaí agus nach dtéann tréimhse an léasa thar an tréimhse a bhfuil fíorghá léi chun na riachtanais sin a chomhlíonadh nó chun na deacrachtaí sin a shárú.

2. Ceanglóidh na Ballstáit lena mbaineann go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla na socruithe dá dtagraítear i mír 1 a fhormheas chun a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach inti agus na ceanglais is infheidhme i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta, go háirithe maidir leis an tsábháilteacht agus an tslándáil.

*Airteagal 7*

*Coibhéis maidir le cearta*

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na cearta a thabharfaidh an Ríocht Aontaithe d'aeriompróirí an Aontais agus ar na coinníollacha a bhaineann lena bhfeidhmiú.

2. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach bhfuil na cearta a thabharfaidh an Ríocht Aontaithe d'aeriompróirí an Aontais coibhéiseach, *de jure* nó *de facto*, leis na cearta a thabharfar d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe faoin Rialachán seo, nó nach bhfuil na cearta sin ar fáil ar bhonn comhionann d'aeriompróirí uile an Aontais, déanfaidh sé, gan mhoill agus chun an choibhéis a athbhunú, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) teorainneacha a leagan síos ar an acmhainn incheadaithe le haghaidh seirbhísí aeriompair sceidealaithe atá ar fáil d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe agus ceangal a chur ar na Ballstáit údaruithe oibríochta aeriompróirí na Ríochta Aontaithe a oiriúnú, idir údaruithe atá ann cheana agus na húdaruithe a deonaíodh le déanaí, dá réir sin;

   (b) a cheangal ar na Ballstáit na húdaruithe oibríochta sin a dhiúltú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm; nó

   (c) dualgais airgeadais nó srianta oibríochtúla a fhorchur.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2). Glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 14(3) más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo ina bhfuil easpa thromchúiseach coibhéise chun críocha na míre seo, ina n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne.

*Airteagal 8*

*Iomaíocht chóir*

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na coinníollacha faoina rachaidh aeriompróirí agus aerfoirt an Aontais in iomaíocht le haeriompróirí na Ríochta Aontaithe agus aerfoirt na Ríochta Aontaithe i dtaca leis na haersheirbhísí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a sholáthar.

2. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, mar gheall ar aon cheann de na cásanna dá dtagraítear i mír 3, go bhfuil na coinníollacha sin go suntasach níos mífhabhraí ná na coinníollacha atá ag aeriompróirí na Ríochta Aontaithe, déanfaidh sé, gan mhoill agus chun an cás sin a leigheas, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) teorainneacha a leagan síos ar an acmhainn incheadaithe le haghaidh seirbhísí aeriompair sceidealaithe atá ar fáil d'aeriompróirí na Ríochta Aontaithe agus ceangal a chur ar na Ballstáit údaruithe oibríochta aeriompróirí na Ríochta Aontaithe a oiriúnú, idir údaruithe atá ann cheana agus na húdaruithe a deonaíodh le déanaí, dá réir sin;

   (b) a cheangal ar na Ballstáit na húdaruithe oibríochta sin a dhiúltú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm maidir le haeriompróirí uile na Ríochta Aontaithe nó roinnt díobh; nó

(c) dualgais airgeadais nó srianta oibríochtúla a fhorchur.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2). Glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 14(3) más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo ina bhfuil bagairt ar inmharthanacht eacnamaíoch oibríochta amháin nó níos mó de chuid aeriompróirí an Aontais, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne.

3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 a ghlacadh, faoi na coinníollacha a shonraítear sa mhír sin, chun na cásanna seo a leanas a leigheas:

(a) fóirdheontais arna ndeonú ag an Ríocht Aontaithe;

(b) gan dlí na hiomaíochta a bheith i bhfeidhm nó curtha i bhfeidhm go héifeachtach ag an Ríocht Aontaithe;

(c) gan údarás iomaíochta neamhspleách a bheith curtha ar bun ná coinnithe ar bun ag an Ríocht Aontaithe;

(d) caighdeáin maidir le cosaint oibrithe, an tsábháilteacht, an slándáil, an comhshaol, nó cearta paisinéirí, atá níos laige ná na cinn a leagtar síos i ndlí an Aontais a bheith curtha i bhfeidhm ag an Ríocht Aontaithe nó, in éagmais forálacha ábhartha i ndlí an Aontais, caighdeáin nó cearta atá níos laige ná na cinn a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit uile nó, i gcás ar bith, níos laige ná caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha;

(e) aon chineál idirdhealaithe i gcoinne aeriompróirí an Aontais.

4. Chun críocha mhír 1, féadfaidh an Coimisiún faisnéis a iarraidh ar údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe, aeriompróirí na Ríochta Aontaithe nó aerfoirt na Ríochta Aontaithe. I gcás nach gcuirfidh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe, aeriompróir na Ríochta Aontaithe nó aerfort na Ríochta Aontaithe an fhaisnéis a iarradh ar fáil faoi cheann tréimhse ama réasúnta arna forordú ag an gCoimisiún, nó ina gcuirfidh siad faisnéis neamhiomlán ar fáil, féadfaidh an Coimisiún déanamh i gcomhréir le mír 2.

5. Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) 2019/712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

---

[1] Rialachán (AE) 2019/712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le hiomaíocht in earnáil an aeriompair a chosaint, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 (IO L 123, 10.5.2019, lch. 4).

*Airteagal 9*

*Údarú oibríochta*

1. Gan dochar do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta i réimse na sábháilteachta eitlíochta, chun na cearta a dheonaítear dóibh faoi Airteagal 4 a fheidhmiú, cuirfear de cheangal ar aeriompróirí na Ríochta Aontaithe údarú oibríochta a fháil ó gach Ballstát ina dteastaíonn uathu oibriú.

2. Tar éis dóibh iarratas ar údarú oibríochta a fháil ó aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-údarú oibríochta iomchuí a dheonú gan moill mhíchuí, ar choinníoll:

   (a) go bhfuil ceadúnas oibríochta bailí arna eisiúint i gcomhréir le reachtaíocht na Ríochta Aontaithe ag aeriompróir na Ríochta Aontaithe is iarratasóir; agus

   (b) go ndéanann an Ríocht Aontaithe rialú rialála éifeachtach ar aeriompróir na Ríochta Aontaithe is iarratasóir agus go gcoinníonn sí ar bun é, go n-aithnítear an t-údarás inniúil go soiléir agus go bhfuil deimhniú aeroibreora atá tugtha ag an údarás sin ag aeriompróir na Ríochta Aontaithe.

3. Gan dochar don ghá atá ann go leor ama a thabhairt chun na measúnuithe riachtanacha a dhéanamh, beidh aeriompróirí na Ríochta Aontaithe i dteideal a n-iarratais ar údaruithe oibríochta a chur isteach ón lá a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm. Beidh sé de chumhacht ag na Ballstáit na hiarratais sin a fhormheas amhail ón lá sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir leis an bhformheas sin. Mar sin féin, ní bheidh éifeacht ag aon údaruithe a dheonófar ar an gcaoi sin níos túisce ná an chéad lá de chur i bhfeidhm an Rialacháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 15(2).

*Airteagal 10*

*Pleananna, cláir agus sceidil oibríochtúla*

1. Cuirfidh aeriompróirí na Ríochta Aontaithe pleananna, cláir agus sceidil oibríochtúla maidir le haersheirbhísí isteach lena bhformheas chuig údaráis inniúla gach Ballstáit lena mbaineann. Déanfar aon chur isteach den sórt sin 30 lá ar a laghad roimh thús na n-oibríochtaí. Aon chur isteach maidir le soláthar aersheirbhísí atá le tarlú in Eanáir 2021, déanfar é ar an dáta is luaithe is féidir roimh thús na n-oibríochtaí.

2. Faoi réir Airteagal 9, féadfar na pleananna, cláir agus sceidil oibríochtúla do shéasúr IATA atá ann ar an gcéad lá a chuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm, dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 15(2), agus na cinn sin don chéad séasúr eile dá éis sin a chur isteach agus a fhormheas roimh an dáta sin.

3. Leis an Rialachán seo, ní chuirfear cosc ar na Ballstáit údaruithe a eisiúint chun aersheirbhísí sceidealaithe a bheith á n-oibriú ag iompróirí an Aontais i bhfeidhmiú na gceart a thugann an Ríocht Aontaithe dóibh. Ní dhéanfaidh na Ballstáit idirdhealú idir iompróirí an Aontais i leith na n-údaruithe sin.

*Airteagal 11*

*Údarú a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú*

1. Diúltóidh na Ballstáit údarú oibríochta aeriompróra de chuid na Ríochta Aontaithe, nó de réir an cháis, déanfaidh siad é a chúlghairm nó a chur ar fionraí sna cásanna seo a leanas:

(a) ní cháilíonn an t-aeriompróir mar aeriompróir de chuid na Ríochta Aontaithe faoin Rialacháin seo; nó

(b) ní chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 9(2).

2. Déanfaidh na Ballstáit coinníollacha maidir le húdarú oibríochta aeriompróra de chuid na Ríochta Aontaithe a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí, a theorannú nó a fhorchur, nó déanfaidh siad coinníollacha maidir lena oibríochtaí a theorannú nó a fhorchur in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) ní chomhlíontar na ceanglais sábháilteachta agus slándála is infheidhme;

(b) ní chomhlíontar na ceanglais is infheidhme maidir le haerárthaí a bheidh ag gabháil don aeriompar a ligean isteach i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann, maidir leis na haerárthaí sin a bheith ag oibriú laistigh den chríoch sin nó maidir leis na haerárthaí sin a bheith ag imeacht as an gcríoch sin;

(c) ní chomhlíontar na ceanglais is infheidhme maidir le paisinéirí, criú, bagáiste, lasta agus/nó post (lena n-áirítear rialacháin maidir le hiontráil, imréiteach, inimirce, pasanna, custaim agus coraintín, nó i gcás poist, rialacháin maidir le post) a ligean isteach i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann, maidir leis an méid sin a bheith ag oibriú laistigh den chríoch sin agus maidir leis an méid sin a bheith ag imeacht as an gcríoch sin.

3. Déanfaidh na Ballstáit coinníollacha maidir le húdaruithe oibríochta aeriompróirí na Ríochta Aontaithe a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí, a theorannú nó a fhorchur, nó déanfaidh siad coinníollacha maidir lena n-oibríochtaí a theorannú nó a fhorchur, i gcás ina gceanglóidh an Coimisiún orthu sin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 7 nó 8.

4. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi aon chinntí údarú oibríochta aeriompróra de chuid na Ríochta Aontaithe a dhiúltú nó a chúlghairm de bhun mhíreanna 1 agus 2, gan moill mhíchuí.

*Airteagal 12*

*Deimhnithe agus ceadúnais*

Maidir le deimhnithe aeracmhainneachta, deimhnithe inniúlachta agus ceadúnais arna n-eisiúint nó arna mbailíochtú ag an Ríocht Aontaithe atá i bhfeidhm fós, aithneoidh na Ballstáit go mbeidh na deimhnithe sin agus na ceadúnais sin bailí chun seirbhísí aeriompair a bheith á n-oibriú ag aeriompróirí na Ríochta Aontaithe faoin Rialachán seo, ar choinníoll gur eisíodh agus gur bailíochtaíodh na deimhnithe sin agus na ceadúnais sin de bhun na gcaighdeán idirnáisiúnta ábhartha, ar a laghad, a bunaíodh faoi Choinbhinsiún Chicago agus i gcomhréir leis na caighdeáin sin.

*Airteagal 13*

*Comhairliúchán agus comhar*

1. Rachaidh údaráis inniúla na mBallstát i gcomhairle agus i gcomhar le húdaráis inniúla na Ríochta Aontaithe de réir mar is gá chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a áirithiú.

2. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiúin, arna iarraidh sin orthu, gan aon mhoill mhíchuí, aon fhaisnéis a fhaightear de bhun mhír 1 den Airteagal seo nó aon fhaisnéis eile is ábhartha chun Airteagail 7 agus 8 a chur chun feidhme.

*Airteagal 14*

*Nós imeachta coiste*

1. Déanfaidh an Coiste a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

*Airteagal 15*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón lá tar éis an lae a scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe de bhun Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail 9(3) agus 10(2) ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo má tá comhaontú lena rialaítear go cuimsitheach soláthar aeriompair leis an Ríocht Aontaithe, a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, tagtha i bhfeidhm nó má tá feidhm shealadach aige, de réir mar a bheidh, faoin dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2.

4. Scoirfidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige ar an dáta is luaithe de na dátaí seo a leanas:

(a) 30 Meitheamh 2021;

(b) an dáta a thiocfaidh comhaontú dá dtagraítear i mír 3 i bhfeidhm nó, de réir mar a bheidh, an dáta óna gcuirfear i bhfeidhm é go sealadach.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*